Office of the Director of Corporate Enforcement
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

# Fógra Faisnéise I/2009/4

# TUAIRISCIÚ CIONTA DLÍ CUIDEACHTAÍ
## Faisnéis d'Iniúchóirí

**Clár**


Réamhrá ..... 2
Cuid 1: próiseas cinnteoireachta na n-iniúchóirí ..... 4
Cuid 2: Samplaí de chionta ina bhféadtar faisnéis ábhartha a aithint le linn iniúchta ar ráitis airgeadúla. ..... 8
1. Alt 60(15) Acht na gCuideachtaí 1963 – Cúnamh airgeadais á thabhairt ag cuideachta chun a scaireanna a cheannach ..... 8
2. Alt 297 Acht na gCuideachtaí 1963 – Trádáil chalaoiseach ..... 9
3. Alt 40 Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983 – Gan Cruinniú Ginearálta Urghnách (EGM) a chomóradh ..... 10
4. Alt 22(3) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 – Faisnéis bhréagach á soláthar go toiliúil in aon tuairisceán, tuairisc, deimhniú, chlár comhardaithe nó in aon cháipéis eile faoin Acht seo ..... 11
5. Alt 40 Acht na gCuideachtaí 1990 – Idirbhearta / iasachtaí substaintiúla réadmhaoine do stiúrthóirí nó do dhaoine bainteacha ..... 11
6. Alt 53 Acht na gCuideachtaí 1990 – fógra na stiúrthóirí agus na rúnaithe i dtaobh leasa sa chuideachta ..... 13
7. Alt 197(1),(3) Acht na gCuideachtaí 1990 – Ráitis bhréagacha d'iniúchóirí, moill i soláthar faisnéise ..... 13
8. Acht na gCuideachtaí 1990 - Mainneachtain i leabhair chearta a choimeád ..... 14
9. Alt 242(1), (1A) Acht na gCuideachtaí 1990 – Faisnéis bhréagach a thabhairt faoi na hAchtanna, ina n-áirítear go gníomhaire leictreonach comhdúcháin ..... 15
10. Alt 243(1) Acht na gCuideachtaí 1990 - Cáipéisí a dhíothú, a lot, a fhalsú 16
11. Alt 33(6) Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 – Ráiteas na stiúrthóirí a éilíonn díolúine ó cháin in easnamh ó chlár comhardaithe ..... 16
12. Alt 37(1) Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh.2) 1999 – Ráitis bhréagacha thoiliúla i gcuntais agus i dtuairisiceáin ..... 17
13. Alt 43(13) Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 – Stiúrthóir cuideachta a bheith cónaitheach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ..... 18

**TUAIRISCIÚ CIONTA DLÍ CUIDEACHTA**
**Faisnéis d'iniúchóirí**

*Forbraíodh an páipéar seo i gcomhpháirt le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corporáideach agus leis na comhlachtaí proifisiúnta cuntasaíochta mar chúnamh d'iniúchóirí chun na breithiúnais a chur i bhfeidhm, atá riachtanach le fáil amach an eascraíonn dualgas tuairiscithe don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corporáideach faoi alt 194(5) Acht na gCuideachtaí 1990 (an tAcht 1990) agus chun béim a chur ar réimsí áirithe de dhlí cuideachtaí sa chás, má tharlaíonn cion iontuairiscithe, go bhféadfar faisnéis ábhartha teacht faoi aird an iniúchóra le linn na ngnáthamh iniúchta normálta.*

*Is é an buntreoir d'iniúchóirí sa réimse seo ná Feasachán an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta (APB) 2007/2 "Dualgas na nIniúchóirí i bPoblacht na hÉireann chun Tuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corporáideach" (Feasachán APB 2007/2) agus Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An Bhreatain Mhór agus Éire) eisithe ag an APB agus i bhfeidhm sa Bhreatain Mhór agus in Éirinn (ISA (An Bhreatain Mhór agus Éire)), go háirithe ISA (An Bhreatain Mhór agus Éire) 250 (A) "Meabhrú ar dhlíthe agus ar rialúcháin in iniúchadh ar ráitis airgeadúla" agus ISA (An Bhreatain Mhór agus Éire) 250 B "Ceart agus dualgas an iniúchóra tuairisciú do na rialtóirí san earnáil airgeadais". Toimhdíonn an páipéar seo eolas ar na cáipéisí sin.*

*Pléann an páipéar seo le hAchtanna na gCuideachtaí suas go agus ag áireamh Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009.*

## Réamhrá

1. Deireann Alt 194(5) den Acht 1990, mar a leasaíodh é,[1]:

   *"sa chás, i gcúrsa iniúchta, agus toisc go bhfuil iniúchádh á dhéanamh ar chuntais na cuideachta, go dtagann na hiniúchóirí ar fhaisnéis a spreagann tuairim go bhfuil ábhar réasúnta ann a chreidiúint go bhfuil an chuideachta nó oifigeach nó gníomhaire na cuideachta tar éis cion iondíotáilte a dhéanamh faoi Achtanna na gCuideachtaí (seachas cion iondíotáilte faoi alt 125(2) nó 127(2) den Phríomh-Acht) ba cheart do na hiniúchóirí, tar éis an tuairim sin a dhéanamh, an tuairim sin a chur in iúl don Stiúrthóir agus sonraí an ábhair ar ar bhunaigh siad a dtuairim a sholáthar don Stiúrthóir".*

2. Cosnaíonn Alt 194(6) den Acht 1990 iniúchóirí ó dhliteanas i dtaobh rúndachta a shárú nó i dtaobh aon dualgais dhlíthiúil nó phroifisiúnta a shárú nuair a chomhlíonann siad le halt 194 an Achta sin. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú go bhféadtar nach mbeidh an chosaint sin ann sa chás go ndéantar tuairisciú lasmuigh de scóip an ailt 194. Dá bhrí sin, cinntíonn iniúchóirí go leantar próiseas soiléir cinnteoireachta i ndéanamh tuairime as a n-eascraíonn tuairisc d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corporáideach. Imlíníonn Cuid 1 den

[1] Leasaíodh Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí 1990 le halt 74 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, le hAlt 37 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003, agus le hAlt 73 d'Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005.

pháipéar seo an próiseas cinnteoireachta atá le déanamh le dearbhú an bhfuil dualgas tuairisicithe i gceist.

3. Tuairiscíonn [2] Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corporáideach go bhfuil 87% de na tuairiscí go léir a fuarthas ó iniúchóirí i 2008 bainteach le sáruithe amhrasta ar fhorálacha idirbheart na stiúrthóirí de Chuid III den Acht 1990 agus mainneachtain féideartha chun leabhair chearta an chuntais a choimeád de réir ailt 202 an Achta sin. Tá an toradh sin comhsheasmhach le roinnt blianta anuas.

4. Tá liosta de na cionta iondíotáilte tiomsaithe ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corporáideach a mheasann sé gur cosúil teacht faoi aird iniúchóirí i gcúrsa a n-oibre iniúchta. Leagann Cuid 2 den pháipéar seo amach an liosta seo, agus i gcás gach ciona a liostáiltear, déantar iarracht béim a chur ar fhaisnéis gur féidir teacht faoi aird na n-iniúchóirí reachtúla, i ngnáthchúrsa a n-iniúchta, a spreagann iad próiseas cinnteoireachta a dhéanamh gur féidir tuairisciú d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corporáideach a bheith mar thoradh de. Maidir le liosta na gcionta a sholáthraítear i gCuid 2, níl sé beartaithe go mbeadh cionta eile eisiata ón liosta sin sa chás go dtagann faisnéis ábhartha faoi aird na n-iniúchóirí. Tá liosta iomlán na gcionta iondíotáilte le fáil ar shuíomh idirlín an ODCE, http://www.odce.ie/en/company_offences.aspx

5. Tá sé beartaithe leis na cásanna féideartha ar a chuirtear síos sa pháipéar seo béim a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta tríd a dtéann iniúchóirí le dearbhú an bhfuil dualgas tuairisicithe faoi alt 194 den Acht 1990 i gceist. Níl sé beartaithe go soláthróidh siad treoir dubh is bán i dtaobh cad atá le tuairisiciú. Ní féidir foirmle mar sin a sholáthar. Caithfear gach tionscnamh faisnéise gur féidir a léiríonn cion féideartha iondíotáilte a mheas i gcomhthéacs sain-imthosca na cuideachta agus imeachtaí bainteacha roimh cinneadh a dhéanamh an ceart é a thuairisciú don ODCE. Seo a leanas roinnt samplaí de shaincheisteanna a thagann faoi raon an iniúchta agus gur féidir a bheith measta ag iniúchóirí i gcomhthéacs tuairiscithe don ODCE:
    - ceisteanna i dtaobh iomláine na leabhar agus na dtaifead;
    - tionchar neamhrialtachtaí cánacha
    - idirbhearta idir cuideachta agus a stiúrthóirí; agus
    - idirbhearta idir cuideachta agus daoine/cuideachtaí bainteach lena stiúrthóirí

[2] Tuarascáil Bhliantúil 2008 d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corporáideach.

**Cuid 1: próiseas cinnteoireachta na n-iniúchóirí**

6. Is féidir a chur síos, mar seo a leanas, ar na céimeanna atá ann i ndearbhú na n-iniúchóirí an eascraíonn dualgas tuairiscithe faoi alt 194 den Acht 1990:




*Ar tháinig an fhaisnéis faoi aird na n-iniúchóirí ina gcumas mar iniúchóirí?*

7. Tá sé de dhualgas ar iniúchóirí cion iondíotáilte Achtanna na gCuideachtaí a thuairisciú amháin nuair a thagann sé faoina n-aird "*i gcúrsa iniúchta, agus toisc go bhfuil iniúchádh á dhéanamh ar chuntais na cuideachta*". Dá bhrí sin, ní théann an dualgas tuairiscithe i bhfeidhm ar dhaoine/chomhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí neamh-iniúchta. Nuair a fheidhmíonn, nó nuair a d'fheidhmigh, duine/comhlacht áfach, obair neamh-inúchta do chomhlacht agus nuair a ghníomhaíonn siad anois freisin mar iniúchóir nó, nuair a ghlacann siad le hainmniúchán mar iniúchóir níos déanaí, tá freagrachtaí áirithe ag an iniúchóir sin, ag gníomhú mar sin, i dtaobh aon fhaisnéise a léiríonn gur féidir go ndearnadh cion iondíotáilte, a tháinig faoi aird an iniúchóra le linn na hoibre

neamh-iniúchta. Le haghaidh díospóireachta iomláine ar na saincheisteanna sa réimse seo, déan tagairt ar Fheasachán APB 2007/2 alt 4.

*An bhfuil an cion féideartha iondíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí?*

8. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú go bhfuil an dualgas tuairiscithe faoi alt 194 ag baint le cionta iondíotáilte amháin faoi Achtanna na gCuideachtaí. Dá bhrí sin, níl aon dualgas ann tuairisciú don ODCE nuair a thagann na hiniúchóirí ar eolas maidir le sárú reachtaíochta eile cosúil leis na hAchtanna Cánacha. Tá sé féideartha áfach go n-eascróidh sárú reachtaíochta na gcuideachtaí as imeachtaí ina bhfuil sárú reachtaíochta eile i gceist.

*An é an ciontóir féideartha an chuideachta, oifigeach nó gníomhaire na cuideachta?*

9. Chun an cion féideartha iondíotáilte a bheith iontuairiscithe de réir ailt 194 den Acht 1990, caithfear an cion a bheith déanta ag an gcliantchuideachta, ag a hoifigigh nó ag a gníomhaire. Ba cheart d'iniúchóirí tagairt a dhéanamh ar alt 7 d'Fheasachán APB 2007/2 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis sin.

*Feidhmíonn iniúchóirí a mbreithiúnas proifisiúnta le dearbhú an bhfuil an fhaisnéis agus an fhianaise ina seilbh dóthanach chun tuairim a dhéanamh go soláthraíonn sé ábhar réasúnta le creidiúint go ndearnadh cion iondíotáilte.*

10. Mar a leagtar amach i bhFeasachán APB 2007/2 (alt 5.1), ní cheanglaíonn an dualgas tuairiscithe in alt 194 den Acht 1990 ar iniúchóirí cionta féideartha iondiontáilte a lorg mar chuid den phróiseas iniúchta. Frithghníomhaíonn iniúchóirí áfach in aghaidh faisnéise a thagann ina seilbh a léiríonn gur féidir gur tharla cion iondíotáilte agus déanann siad pé fiosruithe atá riachtanach chun cur ar a gcumas tuairim mheasta a dhéanamh ar an gceist. Nuair a thagann iniúchóirí ar chás gurbh fhéidir cion iondíotáilte a dhéanamh faoi Achtanna na gCuideachtaí, ceanglaítear orthu, de réir caighdeán proifisiúnta, pé imscrúduithe breise a dhéanamh atá riachtanach chun tuiscint a sholáthar dóibh ar nádúr an ghnímh agus chun cead a thabhairt dóibh na hiarmhairtí féideartha ar na ráitis airgeadúla a mheasúnú. Ag brath ar an gcion agus ar na himthosca, tá poitéinseal ann go bhféadfaí ciontú ar díotáil na cuideachta nó a hoifigeach dul i bhfeidhm go hábhartha ar ráitis airgeadúla na cuideachta ag léiriú fíneálacha, píonós agus b'fhéidir na hiarmhairtí a bhaineann le dícháiliú na stiúrthóirí nó a bhaineann le héilimh ar an gcuideachta a leanfadh as.

11. Déanann iniúchóirí measúnú ar an bhfaisnéis ina seilbh mar thoradh dá n-iniúchta agus dearbhaíonn siad an bhfuil ábhar réasúnta ann chun tuairim a dhéanamh le creidiúint go ndearnadh cion iondíotáilte iontuairiscithe.

12. Ar ócáidí, tiocfaidh iniúchóirí ar fhaisnéis nach n-iarrtar air de ghnáth le linn iniúchta agus a spreagann iad tuairisc faoi alt 194 a mheasúnú. Mar shampla, níl sé de dhualgas ar na hiniúchóirí reachtúla clár leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe a iniúchadh ach is féidir go gcuirfidh ball foirne an chliaint ar an eolas iad faoi easnamh iomláine san fhaisnéis sin agus dá bhrí sin, spreagtar iad measúnú a dhéanamh an ceart tuairisc faoi alt 194 a dhéanamh maidir le sárú an ailt 53 den Acht 1990.

*Má tá na hiniúchóirí den tuairim go bhfuil an cheist iontuairiscithe, ba cheart tuairisciú a dhéanamh don ODCE.*

13. Le haghaidh sonraí maidir le huainiúchán agus le hábhar tuairisce don ODCE, ba cheart d'iniúchóirí tagairt a dhéanamh ar Fheasachán APB 2007/2, ailt 10 agus 11.

**Tuairiscí iniúchóirí le hagúis ar ráitis airgeadúla**

14. Ní léiríonn tuairim iniúchóirí le hagúis nó le mionathraithe ar ráitis airgeadúla go bhfuil gá le tuairisc de réir ailt 194 den Acht 1990, ná ní chiallaíonn tuairisc don ODCE le linn iniúchta go mbeidh agús i dtuairim na n-iniúchóirí ar na ráitis airgeadúla mar thoradh de. Is féidir áfach, go mbeidh cúrsaí as a n-eascraíonn agús tuairime na n-iniúchóirí ar ráitis airgeadúla a bheith mar ábhar tuairisce don ODCE chomh maith. Mar shampla, má eascraíonn cúrsaí le linn iniúchta agus má tá tuairim curtha in iúl mar thoradh de i dtuairisc na n-iniúchóirí ar ráitis airgeadúla nach gcoimeádtar leabhair chearta cuntais, ansin beidh sé riachtanach i dtaobh na gcúrsaí céanna, tuairisciú don ODCE maidir le sárú ailt 202 den Acht 1990.

**Impleachtaí ar dhualgais thuairiscithe eile**

15. Nuair a mheastar saincheisteanna faoina bhféadtar tuairisc a bheith riachtanach faoi alt 194 den Acht 1990, iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú faoi na ceanglais "nochta scéil" go léir a cheanglaítear orthu ag roinnt píosaí reachtaíochta eile. Ag brath ar imthosca an cháis, féadfar dualgais thuairiscithe a bheith ann faoi alt 59 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, alt 57 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 mar a leasaíodh é (amhras sciúrtha airgid), alt 1079 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 nó i gcás slánaonaid rialaithe, b'fhéidir go mbeidh tuairisc chuig rialtóir riachtanach, chuig an Rialtóir Airgeadais mar shampla. Tá tairseacha éagsúla fianaise agus cruthúnais ag na dualgais thuairiscithe seo roimh an dualgas tuairiscithe a bheith curtha sa siúl. Uaireanta tá na dualgais "nochta scéil" seo neamhréireach dá chéile agus tá gá le haire ar son na n-iniúchóirí.

**Sampla den phróiseas cinnteoireachta**

*Cás Féideartha:* Le linn iniúchta, cuireadh na hiniúchóirí ar an eolas gur shocraigh an chuideachta leis na Coimisinéirí Ioncaim le déanaí maidir le cánacha neamhíoctha. Tarraingíonn an fhaisnéis seo aird na n-iniúchóirí ar an bhféidearthacht go bhfuil ceist ann faoina mbeidh tuairisc riachtanach de réir ailt 194 den Acht 1990. Téann na hiniúchóirí trí phróiseas cinnteoireachta le teacht ar thuairim an bhfuil sé de dhualgas orthu tuairisc a dhéanamh.

*1. Ar tháinig an fhaisnéis faoi aird na n-iniúchóirí ina gcumas mar iniúchóirí?*
Sa chur síos ar an gcás féideartha, tháinig an fhaisnéis faoi aird na n-iniúchóirí le linn a n-oibre iniúchta.

*2. An bhfuil an cion féideartha iondíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí?*
Tá sé soiléir nach bhfuil an sárú féideartha ar reachtaíocht chánach gurbh fhéidir a tharlú roimh an socrú iondíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí nó iontuairiscithe faoi alt 194 den Acht 1990. Déanann na hiniúchóirí measúnú áfach an bhfuil sáruithe féideartha bainteacha le reachtaíocht chuideachtaí cosúil le halt 202 den Acht 1990, a cheanglaíonn go gcoimeádtar leabhair chearta cuntais, nó le halt 197 den Acht 1990 a bhaineann le ráitis bhréagacha d'iniúchóirí.

*3. An é an ciontóir féideartha an chuideachta, oifigeach nó gníomhaire na cuideachta?*
Sa chur síos ar an gcás féideartha, beartaíonn na hiniúchóirí go bhfuil aon chion a bhaineann leis an socrú dealraitheach a bheith déanta ag an gcliantchuideachta nó ag a hoifigigh nó a gníomhairí.

*4. Tuairim a dhéanamh*
Déanann na hiniúchóirí fiosruithe ar an mbainistíocht agus athbhreithniú ar na taifid agus ar an gcomhfhreagras atá le fáil chun tuiscint a fháil ar chineál na ceiste cánach as a n-eascraíonn an socrú agus chun cead a thabhairt dóibh measúnú ceart a dhéanamh ar na hiarmhairtí féideartha ar na ráitis airgeadúla. Féadfaidh na hiniúchóirí teacht ar fhianaise go mbaineann an socrú le méideanna nach raibh taifeadta go cothrom ag an gcuideachta agus sa chás sin, is féidir go mbeidh ábhar réasúnta acu a chreidiúint go ndearnadh sárú ar alt 202 den Acht 1990. Is féidir go dtiocfaidh na hiniúchóirí ar fhianaise gur soláthraíodh faisnéis bhréagach nó mhíthreorach go hábhartha dóibh i mblianta roimhe seo as a dtagann ábhar réasúnta le creidiúint go ndearnadh sárú ar alt 197(1). Mar rogha eile, is féidir gur lean an socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim breithniú ar shaincheist de léirmhíniú dlí cánach i dtaobh méideanna a bhí léirithe i gceart i leabhair agus i dtaifid na cuideachta. Bunaithe ar fhaisnéis agus ar fhianaise a bailíodh, feidhmíonn na hiniúchóirí a mbreithiúnas proifisiúnta chun teacht ar thuairim an bhfuil an cheist iontuairiscithe. Má tá na hiniúchóirí den tuairim go bhfuil an cheist iontuairiscithe, ba cheart tuairisc a dhéanamh don ODCE.

**Cuid 2: Samplaí de chionta ina bhféadtar faisnéis ábhartha a aithint le linn iniúchta ar ráitis airgeadúla.**

Leagann an chuid seo den pháipéar amach roinnt cionta dóchúla iondíotáilte d'Achtanna na gCuideachtaí, gur féidir, má tá siad ann, teacht faoi aird na n-iniúchóirí le linn oibre iniúchta. Níl sé beartaithe gan cionta iondíotáilte eile a chur san áireamh má thagann faisnéis ábhartha faoi aird na n-iniúchóirí. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú go bhfuil an liosta iomlán de chionta iondíotáilte le fáil le léamh ag http://www.odce.ie/en/company_offences.aspx.

Níl achoimre na gcionta leagtha amach thíos le húsáid in ionad tagairt a dhéanamh ar an reachtaíocht iarbhír agus ní ceart an tráchtaireacht a bheith forléirithe mar léirmhíniú dlíthiúil na bhforálacha ábhartha. In imthosca áirithe, is féidir le hiniúchóirí measúnú a dhéanamh i dtaobh comhairle dhlíthiúil a fháil maidir lena ndualgais faoi alt 194 den Acht 1990.

Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú gur féidir le himthosca a bhaineann le cion féideartha iondíotáilte Acht na gCuideachtaí cur le sáruithe eile ar reachtaíocht cuideachtaí gur féidir dul i bhfeidhm ar ráitis airgeadúla agus gur féidir, más iondíotáilte, a bheith mar ábhar tuairisce faoi alt 194 den Acht 1990.

Tá na cionta iondíotáilte leagtha amach thíos san ord ina bhfuil siad in Achtanna na gCuideachtaí agus ní in aon ord tábhachta meabhairbhraite nó in aon ord dealraitheachta tarlaithe.

## 1. Alt 60(15) Acht na gCuideachtaí 1963[3] – Cúnamh airgeadais á thabhairt ag cuideachta chun a scaireanna a cheannach

Go ginearálta, ní dleathach do chuideachta aon chúnamh airgeadais a thabhairt, trí iasacht, ráthaíocht, urrús a sholáthar, nó ar dhóigh eile, le haghaidh, ná i leith suibscríobh ar scaireanna i gcuideachta, nó, más fochuideachta í, ina cuideachta shealbhaíochta.

Tá eisceachtaí áirithe ann áfach:

- má tá na baill tar éis glacadh le rún speisialta laistigh den 12 mhí roimhe sin ag ceadú cúnaimh mar sin (tá ceangal ar na stiúrthóirí dearbhú a dhéanamh nach rachaidh cúnamh mar sin i bhfeidhm ar chumas na cuideachta a fiacha a íoc nuair a thiocfaidh siad chun a bheith dlite);
- má tá an cúnamh airgeadais mar chuid de scéim do leas na bhfostaithe nó na n-iarfhostaithe;
- má tá na hiasachtaí le tabhairt do dhaoine, seachas stiúrthóirí, atá ar fostú bone fide ag an gcuideachta nó ag an fhochuideachta don chuideachta d'fhonn a

[3] Tá Alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963 árna leasú faoin Chéad Sceidéal d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983, alt 89 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, alt 57 d'Acht na gCuideachta (Iniúchta agus Cuntasaíocht) 2003, altanna 31 agus 56 d'Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 agus faoi IR 116 de 2005

chumasú do na daoine sin scaireanna lánioctha a cheannach lena bheith á sealbhú acu féin mar úinéirí tairbhiúla orthu.

- Tá cead ag cuideachtaí poiblí teoranta cúnamh airgeadais a thabhairt d'aon duine faoin dá urchar thuas amháin ar bhonn go dtugtar an cúnamh airgeadais as brabúis indáilte agus nach laghdaítear glansócmhainní na cuideachta.

Má ghníomhaíonn cuideachta i sárú an ailt seo, beidh gach oifigeach na cuideachta atá de mhainneachtain a bheith ciontach i gcion iondíotáilte.

*Tráchtaireacht*

Féadfar réimse an chúnaimh airgeadais a bheith coimpléascach agus ceadaítear amháin é in imthosca ar leith ina n-áirítear, i gcás cuideachta príobháidí, nuair a dhéanann na stiúrthóirí dearbhú reachtúil sócmhainneachta. Níl ceangal ar iniúchóirí na cuideachta tuairisciú ar an dearbhú.

Le linn iniúchta ar ráitis airgeadúla, measann an t-iniúchóir an riosca de mhíráiteas ábhartha i suimeanna dlite ó tríú páirtithe agus é sin á dhéanamh, féadfaidh an t-iniúchóir scrúdú a dhéanamh ar théarmaí na hiasachta le dearbhú an bhfuil ús agus aisíocaíochtaí taifeadta go cuí. Féadtar sonraí mar sin a léiriú gur soláthraíodh airgid ag cuideachta le haghaidh scaireanna na cuideachta a cheannach.

Is féidir cúnamh airgeadais a thabhairt trí urrús a sholáthar d'iasacht scairshealbhóra. Cé nach bhfuil aon oibleagáid ann chun é sin a dhéanamh, féadfaidh iniúchóirí cuardach a dhéanamh ar thaifid na cuideachta in Oifig Chláraithe na gCuideachtaí agus d'fhéadfadh sé sin muirear a nochtadh i dtaobh sócmhainní cuideachta. In imthosca nach bhfuil aon iasacht ar leabhair na cuideachta comhfhreagrach le muirear mar sin ar shócmhainní na cuideachta is féidir gur soláthraíodh urrús ag an gcuideachta mar chúnamh do scairshealbhóir iasacht a fháil d'fhonn scaireanna cuideachta a cheannach.

## 2. Alt 297 Acht na gCuideachtaí 1963[4] – Trádáil chalaoiseach

*"má tá aon duine a bhí go feasach ina bpáirtí sa ghnó de chuid na cuideachta á sheoladh le hintinn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe de chuid na cuideachta nó ar chreidiúnaithe aon duine eile nó chun aon chríche calaoisí, beidh an duine sin ciontach i gcion."*

*Tráchtaireacht*

Is cion dáiríre é seo, is dóchúla go n-eascróidh sé i gcomhthéacs go bhfuil deacrachtaí airgeadúla i gceist ag cuideachta, agus baineann sé le hintinn chalaoise atá an-shainiúil. Is cosúil go dtarlóidh imthosca a chomhlíonann sainmhíniú an chiona go neamhmhinic.

Is féidir go mbeidh creidiúnaithe a úsáidtear in aon cheann de na comhthéacsanna san alt, ag áireamh na Coimisinéirí Ioncaim mar shampla.

[4] Árna leasú faoi alt 137 d'Acht na gCuideachtaí 1990

Gníomhaíonn iniúchóirí gnáthaimh mar a cheanglaítear orthu faoi ISA 240 (An Bhreatain Mhór & Éire) "Freagracht an Iniúchóra chun Calaois a Mheas in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadúla" chun measúnú a dhéanamh ar riosca de mhíráiteas ábhartha ó chalaois, sainmhínithe mar mhíráitis lántoiliúla mar thoradh de thuairisciú airgeadúil chalaoiseach nó de mhídhílsiú sócmhainní. Tá cúram ar iniúchóirí i dtaobh calaoise atá cúis le míráiteas ábhartha i ráitis airgeadúla agus ní leis an sainmhíniú dlíthiúil calaoise níos leithne nó leis an sainmhíniú sainiúil ar thrádáil chalaoiseach a leagtar amach in alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

I ngníomhú na ngnáthamh mar a cheanglaítear faoi ISA 570 (An Bhreatain Mhór & Éire) "Going Concern" is féidir go rachaidh iniúchóirí i bhfeasacht ar neamhchinnteachtaí gur féidir dul i bhfeidhm ar stádas gnóthais leantaigh de chuideachta. Cé gur féidir go dtéann iniúchóirí i bhfeasacht ar fhaisnéis a léiríonn rioscaí gur féidir le tríú páirtithe caillteanas airgeadúil a fhulaingt, ní léiríonn sé sin, ina aonar, go bhfuil aon intinn chalaoiseach i gceist.

Sna himthosca neamhmhinice ina bhfuil sé riachtanach an cion a mheas, féadfar gur mhian le hiniúchóirí comhairle dhlíthiúil a fháil.
Baineann trádáil chalaoiseach le mímhacántacht agus leis an intinn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta nó eintitis nó duine eile. Tá an cásdlí a thaispeánann na cineálacha imthosca ina bhfuil critéir an ailt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 i gceist teoranta. Áiríonn samplaí cásdlí ina bhfuil imthosca mar sin i gceist:

(i) nuair a fuair duine iasacht ar son cuideachta sa chás go raibh a fhios aige nach raibh an chuideachta in ann an iasacht a urscaoileadh; agus
(ii) nuair a fhaigheann cuideachta iliasachtaí bainc ar an réadmhaoin chéanna gan na hiasachtaí go léir eile mar sin a nochtadh do na hiasachtóirí nó do dhaoine leasmhara eile.

## 3. Alt 40 Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983 – Gan Cruinniú Ginearálta Urghnách (EGM) a chomóradh

Faoi Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983, tá ceangal ar stiúrthóirí cuideachta cruinniú ginearálta urghnách (EGM) a chomóradh i gcás inar ionann glansócmhainní cuideachta agus leath nó riar níos lú ná leath de mhéid scairchaipiteal glaoite na cuideachta. Caithfidh an cruinniú

- a chomóradh tráth nach déanaí ná 28 lá ón lá is túisce a mbeidh a fhios sin ag stiúrthóir de chuid na cuideachta;
- a chomóradh i gcomhair dáta nach déanaí ná 56 lá ón lá sin; agus
- a bhreithniú ar chóir aon bhearta a dhéanamh chun déileáil leis an gcor, agus más cóir, cad iad na bearta iad.

Má mhainnítear cruinniú ginearálta urghnách a chomóradh ag na stiúrthóirí mar a cheanglaítear le halt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983, beidh gach stiúrthóir "a dhéanfaidh go feasach agus go toiliúil an mhainneachtain sin a údarú nó a cheadú" nó "a dhéanfaidh go feasach agus go toiliúil an mhainneachtain sin a ligint leanúint ar aghaidh" ciontach i gcion iondíotáilte.

*Tráchtaireacht*

Mar a cheanglaítear in Alt 193(4C) den Acht 1990, i dtuairisc na n-iniúchóirí ar ráitis airgeadúla, áireoidh sé sin ráiteas, i dtuairim na n-iniúchóirí, an raibh, ar dháta an chláir chomhardaithe, cor airgeadúil i gceist faoi alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983 go bhfuil gá leis cruinniú ginearálta urghnách (EGM) na cuideachta a chomóradh. Níl aon dualgas ar iniúchóirí a fháil amach ar tharla EGM. Is féidir, áfach, go mbeidh iniúchóirí feasach gur mainníodh EGM a chomóradh, go háirithe sa chás go ndearna iniúchóirí tagairt, i dtuairisc na n-iniúchóirí ar ráitis airgeadúla na bliana roimhe sin, ar chor airgeadúil go bhfuil gá leis EGM a chomóradh.

## 4. Alt 22(3) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 – Faisnéis bhréagach á soláthar go toiliúil in aon tuairisceán, tuairisc, deimhniú, chlár comhardaithe nó in aon cháipéis eile faoin Acht seo

Má dhéanann aon duine ráiteas bréagach go feasach agus go toiliúil in aon sonra ábhartha in aon tuairisceán, tuairisc, deimhniú, chlár comhardaithe nó in aon cháipéis eile atá riachtanach faoi nó le haghaidh aon fhorálacha d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, tá sé ciontach i gcion iondíotáilte.

*Tráchtaireacht*

Féadfar iniúchóirí a spreagadh chun measúnú a dhéanamh an bhfuil sárú féideartha ar an alt seo i gceist nuair atá na hiniúchóirí ainmnithe don chuideachta don chéad uair, agus le linn an iniúchta, téann an t-iniúchóir i bhfeasacht ar shócmhainní atá le cur san áireamh sa chlár comhardaithe don bhliain reatha ach a ligeadh ar lár ón gclár comhardaithe don bhliain roimhe sin. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú go bhfuil sé riachtanach go mbeadh an ráiteas bréagach déanta go feasach agus go toiliúil chun cion a bheith déanta faoin alt seo.

## 5. Alt 40 Acht na gCuideachtaí 1990[5] – Idirbhearta / iasachtaí substaintiúla réadmhaoine do stiúrthóirí nó do dhaoine bainteacha

Leagann Alt 40 den Acht 1990 amach na píonóis choiriúla le haghaidh sáraithe ar alt 31 den Acht. Thug Alt 31 den Acht 1990 isteach sraith forálacha atá deartha chun cosaint a sholáthar do chreidiúnaithe trí shocruithe áirithe, i gcoitinne, a dhéanamh ag cuideachta do stiúrthóirí na cuideachta nó do dhaoine bainteacha a thoirmeasc nó trí aon tsórt creidmheasa a thabhairt, tríd aon mhodh ar bith, do stiúrthóir cuideachta nó do dhaoine bainteacha a thoirmeasc.

Ní cheadaítear na hidirbhearta seo a leanas idir cuideachta agus stiúrthóir nó duine bainteach ach amháin mar atá foráilte le hailt 32 go 37 den Acht 1990;

- iasacht nó gariasacht a dhéanamh do stiúrthóir na cuideachta nó dona chuideachta shealbhaíochta nó do dhuine bainteach le stiúrthóir mar sin;

[5] Árna leasú faoi alt 7 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009

- dul isteach in idirbheart creidmheasa mar chreidiúnaí do stiúrthóir mar sin nó do dhuine bainteach leis;
- dul isteach i mbannaí nó aon urrús a sholáthar maidir le hiasacht, gariasacht nó le hidirbheart creidmheasa déanta ag aon duine eile do stiúrthóir den sórt sin nó do dhuine bainteach leis;
- socrú a dhéanamh chun sannadh ar, nó foshuíomh d'aon chearta, oibleagáidí nó aon dliteanais faoi idirbheart, a bheadh, dá mbeadh an chuideachta tar éis dul isteach ann, tar éis an t-alt sin a shárú;
- Ní ghlacfaidh cuideachta páirt in aon socrú:-
  - (i) Ina dtéann duine eile i mbun idirbhirt, agus dá mbeadh cuideachta tar éis dul i mbun an idirbhirt chéanna, bheadh sárú an ailt sin i gceist;
  - (ii) Ina bhfuil an duine eile, i mbun socraithe, tar éis a fháil, nó atá ag fáil aon tairbhe ón gcuideachta nó óna gcuideachta shealbhaíochta nó ó fhochuideachta na cuideachta nó ó chuideachta shealbhaíochta na fochuideachta.

Tá na píonóis choiriúla do shárú an Ailt 31 leagtha amach in Alt 40 den Acht 1990 mar seo a leanas:

- Má théann cuideachta i mbun idirbhirt nó socraithe a sháraíonn alt 31, beidh gach oifigeach na cuideachta atá faoi mhainneachtain ciontach i gcion.

I dteannta leis sin, tá oibleagáidí suntasacha nochta le haghaidh cuideachtaí go léir (agus oibleagáidí speisialta nochta le haghaidh banc ceadúnaithe) faoi ailt 41[6], 42, 43[7] agus 44[8] den Acht 1990. Is ionann sáruithe ar na ceanglais nochta sin agus cionta freisin.

Tá na cionta i gceist iondíotáilte.

*Tráchtaireacht*

Tá réimse iasachtaí agus idirbheart creidmheasa na stiúrthóirí coimpléascach. Tá leabhrán níos sonraithe ar a thugtar "A Guide to Transactions Involving Directors" le fáil ón ODCE.

Baineann scóip na hoibre d'iniúchadh reachtúil le hathbhreithniú ar nochtadh sna ráitis airgeadúla a bhaineann le hidirbhirt / hiasachtaí s(h)ubstaintiúla réadmhaoine do stiúrthóirí. I dteannta leis sin, cuireann alt 192(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963 agus alt 46 den Acht 1990 oibleagáid ar iniúchóirí ráiteas ar nochtadh riachtanach a bhaineann le hiasachtaí agus le hidirbhearta stiúrthóirí a chur san áireamh i dtuarascáil an iniúchóra, muna bhfuil siad san áireamh sna ráitis airgeadúla.

Féadfar go spreagfar an t-iniúchóir measúnú a dhéanamh an bhfuil sárú féideartha ar alt 40 i gceist nuair atá idirbhearta / iasachtaí le stiúrthóirí na cuideachta suntasach i dtaobh sócmhainní na cuideachta. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú go bhfuil an scrúdú "10%" in alt 32 den Acht 1990 mar scrúdú iomlán curtha i bhfeidhm ar na hidirbhearta ábhartha go léir le stiúrthóirí agus ní ar gach idirbheart indibhidiúil.

[6] Árna leasú faoi IR 116 de 2005 agus alt 8 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009
[7] Árna leasú faoi IR 116 de 2005 agus alt 8 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009
[8] Árna leasú faoi alt 9 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009

Féadfar go spreagfar an t-iniúchóir measúnú a dhéanamh an bhfuil sáruithe féideartha ar Altanna 41, 42, agus/no 43 (agus/nó i gcás na mbanc ceadúnaithe Alt 44) den Acht 1990 i gceist nuair nach gcomhlíonann nochtadh déanta sna ráitis airgeadúla le forálacha na n-alt sin.

## 6. Alt 53 Acht na gCuideachtaí 1990 – fógra na stiúrthóirí agus na rúnaithe i dtaobh leasa sa chuideachta

Caithfidh stiúrthóir nó rúnaí na cuideachta fógra a thabhairt don chuideachta i scríbhinn faoi na leasanna go léir nó faoi athruithe ar leasanna i scaireanna nó i mbintiúir na cuideachta, na cuideachta sealbhaíochta nó i bhfochuideachta na cuideachta nó i bhfochuideachta na cuideachta sealbhaíochta. Má mhainnítear fógra a thabhairt mar atá riachtanach is cion iondíotáilte é sin.

*Tráchtaireacht*

De ghnáth, ní lorgóidh iniúchóirí scrúdú a dhéanamh ar fhógraí na stiúrthóirí agus na rúnaithe maidir lena leasanna i scaireanna agus i mbintiúir na cuideachta mar chuid dá n-oibre iniúchta. Le linn gnáthoibre iniúchta, féadfar go rachaidh iniúchóirí i bhfeasacht ar choimhlint idir tuiscint rúnaí na cuideachta ar leasanna an stiúrthóra agus tuiscint an stiúrthóra féin ar a leasanna ag tabhairt le tuiscint go bhféadtar nach bhfuair rúnaí na cuideachta an fógra ceart.

## 7. Alt 197(1),(3) Acht na gCuideachtaí 1990 – Ráitis bhréagacha d'iniúchóirí, moill i soláthar faisnéise

Is cion iondíotáilte é d'oifigeach na cuideachta, ina n-áirítear fostaí, le haghaidh cuspóirí an ailt seo, ráiteas a dhéanamh go feasach nó go meargánta go bhfuil míthreorach, bréagach nó meabhlaithe i mbealach ábhartha d'iniúchóir cuideachta. Baineann sé sin le ráitis a chuireann in iúl, nó a airbheartaíonn a chur in iúl, aon fhaisnéis nó aon mhíniú atá riachtanach d'iniúchóirí faoi Achtanna na gCuideachtaí nó atá i dteideal a bheith riachtanach dóibh mar iniúchóirí cuideachta.

Is cion iondíotáilte é freisin d'oifigeach na cuideachta, a áiríonn fostaí, mainneachtain a sholáthar d'iniúchóir na cuideachta, laistigh de dhá lá ó iarratas an iniúchóra, aon fhaisnéis nó mhíniú atá laistigh d'eolas an oifigigh nó gur féidir leis an oifigeach teacht air.

*Tráchtaireacht*

Féadfar go spreagfar iniúchóirí measúnú a dhéanamh an bhfuil sárú féideartha ar an alt seo i gceist nuair a thagann faisnéis faoina n-aird a nochtann sonraisc bhréagacha, díolacháin a cheilt nó aon chuntasaíocht bhréagach eile. Féadfar faisnéis mar sin a theacht faoi aird na n-iniúchóirí nuair a théann siad i bhfeasacht ar shocrú leis na Coimisinéirí Ioncaim, ar shocrú d'éileamh dlíthiúil i gcoinne na cuideachta nó ar aon dhóigh eile mar thoradh de ghnáthobair iniúchta. Tá iniúchóirí ar an eolas gur gá ráiteas bréagach a dhéanamh go feasach nó go meargánta ag an oifigeach chun cion a bheith i gceist faoi alt 197 an Achta 1990.

## 8. Alt 202[9] d'Acht na gCuideachtaí 1990 - Mainneachtain i leabhair chearta a choimeád

Tá ceangal ar gach cuideachta leabhair chearta cuntais a choimeád i bhfoirm cáipéisí nó ar dhóigh eile. Is é an ceanglas sáraitheach maidir leis na leabhair chuntais ná go gcaithfidh siad na cuntais a chumasú chun "léargas fíor agus cothrom" a ullmhú agus caithfidh siad idirbhearta na cuideachta a mhíniú i gceart. Caithfidh leabhair chearta, go sainiúil:

(a) idirbhearta na cuideachta a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
(b) cur ar chumas staid airgeadúil na cuideachta a dhéanamh amach le cruinneas réasúnta ag aon am;
(c) cur ar chumas na stiúrthóirí a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadúla na cuideachta le ceanglais faoi Achtanna na gCuideachtaí;
(d) a éascú go mbeidh cuntais bhliantúla na cuideachta a bheith iniúchta go héasca agus i gceart;
(e) a choimeád ar bhonn leanúnach agus comhsheasmhach.

*Ábhar na leabhar cuntais:*
(a) iontrálacha ó lá go lá de na suimeanna airgid go léir a glacadh agus a caitheadh;
(b) taifead ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta;
(c) má bhaineann gnó na cuideachta le trádáil in earraí:
- taifead ar na hearraí go léir ceannaithe agus díolta ina bhfuil dóthain sonraí ann chun aithint na gceannaitheoirí mar aon le na ndíoltóirí a éascú (seachas iad siúd a díoladh le haghaidh airgid ghlan i dtrádáil mhiondíola) agus taifead ar na sonraisc ábhartha go léir;
- ráiteas ar an stoc atá i seilbh na cuideachta ag deireadh gach bliana agus taifid ar stocáireamh óna n-ullmhaíonn aon ráiteas ar stoc mar sin

(d) má bhaineann gnó na cuideachta le soláthar seirbhísí, taifead ar na seirbhísí a soláthraíodh agus ar shonraisc.

*Suíomh na leabhar cuntais*

- Ba cheart na leabhair chuntais a choimeád in oifig chláraithe na cuideachta nó nó i cibé áit eile is cuí leis na stiúrthóirí.
- Má choimeádtar na leabhair chuntais in áit lasmuigh den Stát, caitear sonraí ar na cuntais agus na tuairisceáin a sheoladh chuig áit laistigh den Stát gach 6 mhí ar a laghad, le héascú staid airgeadúil na cuideachta a dhearbhú.

*Tráthchlár maidir le leabhair chuntais a choimeád:* Ba cheart go gcoimeádfadh an chuideachta leabhair chuntais le haghaidh tréimhse de sé bhliana ar a laghad.

Má mhainníonn aon chuideachta nó stiúrthóir ar chuideachta gach beart réasúnach a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an chuideachta ceanglais an ailt seo, nó má bhíonn sé trína ghníomh toiliúil féin ina chúis le haon mhainneachtain ag an gcuideachta, fórálann Alt 202(10) go mbeidh sé ciontach i gcion iondíotáilte

[9] Árna leasú faoi RI 116 de 2005

In aon imeachtaí, is cosaint é don chúisí a chruthú go raibh cúis réasúnach aige achun a chreidiúint, agus gur chreid sé, gur cuireadh de dhualgas ar dhuine inniúil iontaofa féachaint chuige go gcomhlíonfaí na ceanglais sin agus go raibh an duine sin i gcaoi an dualgas sin a dhéanamh.

*Tráchtaireacht*

Áiríonn tuairisc na n-iniúchóirí ar ráitis airgeadúla na cuideachta tuairim an raibh leabhair chearta chuntais á gcoimeád. Féadfar go spreagfar iniúchóirí a mheasúnú an bhfuil sárú amhrasta ar an alt sin nuair;

- A thagann faisnéis chun solais a léiríonn gur féidir nach n-áiríonn na taifid chuntasaíochta an fhaisnéis go léir maidir le hidirbheart/hidirbhearta na cuideachta nó maidir lena sócmhainní nó lena dliteanais;
- A mhainníonn cuideachta fianaise a sholáthar mar thaca le hidirbhearta ábhartha nó le comharduithe.

Áiríonn sampla mainneachtana maidir le leabhair chearta chuntais a choimeád mainneachtain bileoga stoic a choimeád nuair a bhí stocáireamh deiridh bliana á dhéanamh. Dhéanfadh iniúchóirí measúnú freisin an raibh sárú ar alt 202 den Acht 1990 sa chás go bhfuil cliant tar éis socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim ag léiriú nár áiríodh díolacháin áirithe sna leabhair chuntais nó i ráitis airgeadúla na cuideachta.

Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú, nuair a dhéanann siad tuairim nach bhfuil leabhair chearta chuntais á gcoimeád ag cuideachta, cuireann alt 194 den Acht 1990 ceangal orthu a sheirbheáil, trí sheachadadh taifeadta, fógra ar an gcuideachta ag cur na tuairime sin in iúl. Laistigh de sheacht lá ón bhfógra sin a sheoladh chuig an gcuideachta, ba cheart fógra na tuairime a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí san fhoirm fhorordaithe (Foirm H4), ach amháin sa chás go bhfuil siad den tuairim anois go bhfuil stiúrthóirí na cuideachta tar éis na gcéimeanna riachtanacha a chur i bhfeidhm faoin am sin le cinntiú go gcoimeádtar leabhair chearta chuntais.

## 9. Alt 242(1), (1A)[10] Acht na gCuideachtaí 1990 – Faisnéis bhréagach a thabhairt faoi na hAchtanna, ina n-áirítear go gníomhaire leictreonach comhdúcháin

Aon duine, i gcomhlíonadh airbheartaithe le hAchtanna na gCuideachtaí, a thugann faisnéis bhréagach mar fhreagra ar cheisteanna nó a sholáthraíonn mínithe nó, a dhéanann nó a thaisceann aon tuairisceán, tuairisc, deimhniú, chlár comhardaithe nó aon chaipéis eile atá bréagach i sonra ábhartha, nuair atá sé bréagach go feasach nó go meargánta, beidh an duine sin ciontach i gcion iondíotáilte.

*Tráchtaireacht*

[10] Árna leasú faoi alt 71 d'Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005

Clúdaíonn an cion seo raon leathan de ghnímh nó neamhghnímh. Cé gur féidir le hiniúchóirí scrúdú a dhéanamh ar thuairisceáin na cuideachta a taisceadh le Cláraitheoir na gCuideachtaí nó le gníomhaire comhdúcháin eile, níl sé de dhualgas orthu é sin a dhéanamh i ngnáthchúrsa a n-iniúchta. Má dhealraíonn sé go bhfuil faisnéis atá le fáil d'iniúchóirí ag bréagnú ráiteas foirmiúil a rinneadh nó cáipéisí a taisceadh ag an gcuideachta nó ag a hoifigigh agus sa chás go dtéann iniúchóirí i bhfeasacht ar na ráitis nó ar na cáipéisí sin le linn a n-iniúchta, féadfar go mbeidh tuairim acu go bhfuil cion faoin alt seo i gceist. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú go bhfuil sé riachtanach go mbeadh an ráiteas bréagach déanta go feasach agus go toiliúil chun cion a bheith déanta faoin alt seo.

Maidir le sampla an chiona faoi alt 22(3) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 a tugadh i bpointe 4 thuas, chomhdhéanfadh sé mar chion faoin alt seo chomh maith. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú gur féidir le himthosca a bhaineann le cion féideartha iondíotáilte faoi alt faoi leith de dhlí cuideachtaí a léiriú go bhfuil sáruithe féideartha eile ar ailt eile de dhlí cuideachtaí i gceist chomh maith.

## 10. Alt 243(1) Acht na gCuideachtaí 1990 - Cáipéisí a dhíothú, a lot, a fhalsú

Aon oifigeach na cuideachta a dhíothaíonn, a loiteann nó a fhalsaíonn, nó atá páirteach i ndíothú, lot nó i bhfalsú aon leabhair nó aon cháipéise a théann i bhfeidhm ar, nó a bhaineann le réadmhaoin nó g(h)nóthaí an chomhlachta, nó a dhéanann nó atá páirteach i ndéanamh d'aon iontráil iontu siúd, beidh sé, ach amháin sa chás go gcruthaíonn sé nach raibh sé ar intinn aige an dlí a shárú, ciontach i gcion iondíotáilte.

*Tráchtaireacht*

Áiríonn na himthosca go bhféadfar iniúchóirí a spreagadh chun measúnú a dhéanamh an bhfuil sárú féideartha an ailt seo i gceist;

- nuair a dhealraíonn sé go soláthraíonn cáipéisí faisnéis atá neamhchomhsheasmhach le hidirbhearta ábhartha nó le comharduithe;
- nuair nach bhfuil cáipéisí, lena mbeifear ag súil mar thaca le hidirbhearta ábhartha nó le comharduithe, le fáil; nó
- Nuair a nochtann obair iniúchta go bhfuil "scáilchustaiméirí" nó "scáilfhostaithe" ann.

## 11. Alt 33(6) Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 – Ráiteas na stiúrthóirí a éilíonn díolúine ó cháin in easnamh ó chlár comhardaithe

Má bhaineann cuideachta leas as díolúine ó cháin ar feadh bliana airgeadúla, caithfidh clár comhardaithe maidir leis an mbliain sin a áireamh ráiteas ó stiúrthóirí na cuideachta, suite os cionn sínithe na stiúrthóirí, ina ndeireann sé:

(a) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as díolúine ó cháin;

(b) go bhfuil an díolúine á bhaint amach ar an mbonn go sásaíonn sé na coinníollacha mar a leagtar amach iad in alt 32 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999;

(c) nár seirbheáladh aon fhógra, laistigh den tráthchlár riachtanach, ar an gcuideachta ó aon bhall nó ó bhaill cuideachta atá i seilbh scaireanna sa chuideachta a bhronnann, ina gcomhiomláine, riar nach bhfuil níos lú ná 10% de chearta iomlána vótála sa chuideachta ina gcuirtear in iúl nach dteastaíonn ón mball sin nó ó na baill sin leas a bhaint as an díolúine;

(d) go n-admhaíonn na stiúrthóirí a ndualgais faoi Achtanna na gCuideachtaí chun leabhair chearta chuntais a choimeád ina dtugtar léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadúla agus ar a brabús nó ar a caillteanas don bhliain sin agus ar dhóigh eile ar chomhlíonadh le forálacha d'Achtanna na gCuideachtaí maidir le cuntais.

Is cion indíotáilte é gan ráiteas mar sin a sholáthar ar an gclár comhardaithe.

*Tráchtaireacht*

Toisc go mbaineann Cuid III d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 le díolúine ó iniúchadh reachtúil, ní bheidh sé coitianta d'iniúchóirí sárú ar Alt 33(6) an Achta sin a aithint. Féadfar go rachaidh iniúchóirí i bhfeasacht ar chion áfach faoin alt seo in imthosca ina bhfuil siad ag déanamh iniúchta ar ráitis airgeadúla i dtaobh bliana a leanann bliain inar baineadh leas as díolúine ó cháin ag cuideachta. Mar shampla, féadfaidh athbhreithniú ar na ráitis airgeadúla comhdaithe i dtaobh na bliana roimhe sin a nochtadh go bhfuil an ráiteas atá riachtanach faoi alt 33(4) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 in easnamh.

**12. Alt 37(1) Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh.2) 1999 – Ráitis bhréagacha thoiliúla i gcuntais agus i dtuairisiceáin**

Má dhéanann aon duine in aon tuairisceán, ráiteas, chlár comhardaithe nó in aon cháipéis eile, trí nó le haghaidh cuspóirí aon fhorála de Chuid III d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999, a bhaineann le héilimh ar dhíolúine ó iniúchadh ar son na cuideachta, ráiteas go toiliúil, atá bréagach in aon sonra ábhartha, nuair atá a fhios ag an duine go bhfuil sé bréagach, beidh sé nó sí ciontach i gcion iondíotáilte.

*Tráchtaireacht*

Toisc go mbaineann Cuid III d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 le díolúine ó iniúchadh reachtúil, ní bheidh sé coitianta go n-aithneoidh iniúchóir sárú ar Alt 37(1) den Acht sin. Féadfar go rachaidh iniúchóirí i bhfeasacht ar chion áfach faoin alt seo in imthosca ina bhfuil siad ag déanamh iniúchta reachtúil ar ráitis airgeadúla i dtaobh bliana a leanann bliain inar baineadh leas as díolúine ó cháin ag cuideachta. Mar shampla, féadfaidh obair iniúchta a nochtadh nach raibh na coinníollacha i dtaobh díolúine ó cháin a éileamh á gcomhlíonadh i gceart sa bhliain roimhe in ainneoin ráitis stiúrthóra ar a mhalairt. Iarrtar ar iniúchóirí a mheabhrú go bhfuil sé riachtanach go mbeadh an ráiteas bréagach déanta go feasach agus go toiliúil chun cion a bheith déanta faoin alt seo.

## 13. Alt 43(13)[11] Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 – Stiúrthóir cuideachta a bheith cónaitheach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Is cion iondíotáilte é do chuideachta gan stiúrthóir amháin ar a laghad a bheith cónaitheach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ach amháin sa chás go bhfuil an chuideachta i seilbh:

- banna, san fhoirm fhorordaithe agus ar luach sainithe, a fhorálann d'íocaíocht aon fhíneálacha a forchuireadh ar an gcuideachta sa chás go bhfuil sárú ar Achtanna na gCuideachtaí nó sárú ar ailt áirithe den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 i gceist; nó
- deimhnithe eisithe ag Cláraitheoir na gCuideachtaí de réir ailt 44[12] d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 a dheireann go bhfuil nasc fíor agus leanúnach le gníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó a dhéantar sa Stát.

*Tráchtaireacht*

Níl aon oibleagáid ar iniúchóirí cónaitheacht stiúrthóirí na cuideachta a fhíorú i ngnáthchúrsa na hoibre iniúchta. Féadfar go gcuirfear iniúchóirí ar an eolas faoi chónaitheacht stiúrthóirí lasmuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch mar iarmhairt d'fhaisnéis cnuasaithe i gcúrsa gnáthamh "bí ar an eolas faoi do chliant" nó le linn gnáthchúrsa comhfhreagrais iniúchta nuair a thugann iniúchóirí faoi deara go bhfuil seoltaí stiúrthóirí lasmuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

[11] Tá alt 43 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 2009 árna leasú faoi alt 54 d'act na gCuideachtaí (Iniúchta agus Cuntasaíocht) 2005, alt 72 d'Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 agus faoi alt 10 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009

[12] Árna leasú faoi alt 10 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009